Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Samhain 2025
(OR. en)

15129/25

LIMITE

STAT 40
FIN 1326

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le nuashonrú 2024 ar staidéar 2016 ó Eurostat ar na himpleachtaí buiséadacha fadtéarmacha a bhaineann le costais phinsin – Formheas |

An 26 Lúnasa 2025, d'eisigh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre – nuashonrú 2024 ar Staidéar 2016 ó Eurostat ar impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha na gcostas pinsin[1]. Déantar anailís sa staidéar ar na príomhthreochtaí i gcaiteachas pinsin foirne thar an tréimhse caoga bliain (2024-2073), agus tionchar na n-athruithe dlíthiúla a tugadh isteach le hathchóiriú 2013 ar na Rialacháin Foirne á chur san áireamh.

Tar éis chur i láthair staidéar Eurostat agus seisiún tuairimíochta ag cruinniú na Meithle um na Rialacháin Foirne an 17 Meán Fómhair 2025, thíolaic an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí ón gComhairle. Tar éis plé a dhéanamh ag an Mheitheal um na Rialacháin Foirne an 15 Deireadh Fómhair 2025 agus roinnt babhtaí de chomhairliúcháin i scríbhinn, chomhaontaigh an Mheitheal maidir leis an téacs an 7 Samhain 2025.

Iarrtar ar Coreper a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus a iarraidh ar an gComhairle é a fhormheas, mar mhír 'A', ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[1] 12302/25; SWD (2025) 249 final.

**Iarscríbhinn**

DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE NUASHONRÚ 2024 AR STAIDÉAR 2016 Ó EUROSTAT AR
NA hIMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA FADTÉARMACHA A BHAINEANN LE COSTAIS PHINSIN

PUBLIC

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID A LEANAS

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2016 maidir leis an staidéar a rinne Eurostat ar impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha a bhaineann chostas pinsin AE[2], tuarascáil 2023 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le comhardú achtúireach na Scéime Pinsin d'Oifigigh an Aontais agus impleachtaí buiséadacha Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne[3], Tuarascáil Speisialta 15/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE nuashonrú 2024[4] ar staidéar 2016 ó Eurostat maidir leis na himpleachtaí buiséadacha fadtéarmacha a bhaineann le costais phinsin[5], mar a d'iarr an Chomhairle in 2023, tar éis di a chinneadh gur ghá staidéar 2016 a nuashonrú ós rud é nach raibh an toimhde lárnach fíor ó thaobh an daonra gníomhach a bheith ag fás nialas faoin gcéad le linn na tréimhse tagartha (2014-2064) toisc gur tháinig méadú ar an líon sin gach bliain ó 2014 go 2022, agus go bhfuil sé ag méadú i gcónaí;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an fhorbairt atá tagtha ar líon thairbhithe na scéime pinsin thar an tréimhse 2023-2073 le méadú suntasach réamh-mheasta go dtí 2048;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 24 Iúil 2025 de bhun Airteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh[6] lena ndéantar comparáid idir an aois inphinsin reatha don fhoireann i státseirbhísí na mBallstát agus an aois inphinsin don fhoireann in institiúidí an Aontais a fostaíodh tar éis 2014 agus lena scrúdáitear éabhlóid ionchas saoil oifigigh institiúidí an Aontais;

[2] 14834/16.
[3] 8319/23; COM (2023) 188 final.
[4] 12302/25; SWD (2025) 249 final.
[5] 11715/16; SWD (2016) 268 final.
[6] 11950/25.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE modheolaíocht nuashonraithe an staidéir, is é sin an tréimhse thagartha 50 bliain (2024-2073), a raon feidhme (an tionchar a bhí ag leasuithe 2013 ar na Rialacháin Foirne ar an gcaiteachas fadtéarmach ar phinsin), agus na comhpháirteanna achtúireacha; go háirithe, TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is cúis imní di, go n-úsáidtear arís sa staidéar nuashonraithe an toimhde go mbeidh fás nialas faoin gcéad ar an daonra gníomhach le linn na tréimhse tagartha;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE, bunaithe ar na toimhdí bunúsacha, go dtiocfaidh laghdú ar na costais phinsin bhliantúla réamh-mheasta fhoriomlána in 2073 i gcomparáid le 2023. Mar sin féin, CUIREANN SÍ IN IÚL gur cúis mhór imní di an fhorbairt atá tagtha ar chostais phinsin, rud a réamh-mheastar go méadóidh sé go dtí 2044 agus go mbeidh costais bhliantúla ar leibhéal i bhfad níos airde ann go dtí 2060 i gcomparáid le 2023;

CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir a thábhachtaí atá sé inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras pinsin an Aontais a choinneáil, teorainn a chur leis an gcaiteachas pinsin agus cothromaíocht fhadtéarmach a lorg idir leordhóthanacht na bpinsean agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, lena n-áirítear faireachán leanúnach bliantúil ar a fheidhmíocht bunaithe ar shonraí fíor-ama;

CUIREANN SÍ I bhFÁTH a ábhartha atá sé rianú rialta a dhéanamh ar aon athruithe ar an aois inphinsin do bhaill foirne i státseirbhísí na mBallstát agus ar ionchas saoil oifigigh institiúidí an Aontais sna blianta amach romhainn d’fhonn tionchar na gcostas pinsin a laghdú sa mheántéarma agus san fhadtéarma; is bealach maith é an aois phinsin reachtúil a nascadh le hionchas saoil chun inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht chóras na bpinsean a thabhairt chun réitigh i gcomhthéacs daonraí atá ag dul in aois;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go measann an Coimisiún go bhfuil sé criticiúil pinsin fhorlíontacha a úsáid ar bhonn is mó chun slándáil airgeadais a sholáthar do shaoránaigh, go háirithe i gcomhthéacs na dtreochtaí déimeagrafacha, agus é ag cuidiú an tráth céanna le margaí caipitil a fhorbairt agus infheistíochtaí a úsáid chun fás agus nuálaíocht san Aontas a mhaoiniú[7];

[7] 7670/25; COM (2025) 124 final.



PUBLIC

IARRANN SÍ ar údaráis cheapacháin institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais úsáid a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as foráil Airteagal 52 de na Rialacháin Foirne d'fhonn oifigigh a údarú chun fanacht i mbun seirbhíse thar a n-aois inphinsin agus suas go dtí na huasteorainneacha reachtúla; ós eol di gurb é atá i gceist le maireachtáil ar feadh tréimhse níos faide ná a bheith ag obair ar feadh tréimhse níos faide chun an córas pinsean a mhaoiniú, cuireann sí dreasachtaí láidre ar fáil chun an aois scoir iarbhír a choigeartú, d'fhonn a áirithiú go leanfaidh sí go dlúth na méaduithe ar ionchas saoil;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a chur de chúram ar Eurostat nuashonrú 2024 a fhorlíonadh le hanailís íogaireachta ar thorthaí costais pinsin i bhfianaise rátaí fáis éagsúla an daonra ghníomhaigh thar an tréimhse thagartha, rud a chuirfeadh ar chumas an údaráis bhuiséadaigh measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe sa phríomhpharaiméadar sin ar impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha na gcostas pinsin; agus tuairisc a thabhairt don Chomhairle a luaithe is féidir;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar thorthaí an staidéir agus an méid seo a leanas, go háirithe, a chur san áireamh:

- an measúnú ar an aois inphinsin;
- ionchais ghinearálta san Aontas Eorpach;
- meastóireacht ar an ráta carntha pinsin, an ráta ranníocaíochta foirne d'aon trian don chóras pinsin, lena n-áirítear le haghaidh foirne atá ann cheana, agus urraim á tabhairt do phrionsabail ghinearálta an dlí,

agus na coigeartuithe beartais uile is gá a mholadh lena bhféadfar coigilteas costais a dhéanamh i gcomparáid leis an bprognóis atá ann faoi láthair agus lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean, agus éifeachtaí na n-athchóirithe pinsean á gcur san áireamh; d'fhéadfadh ról níos mó a bheith ag coigiltis scoir chomhlántacha maidir le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht chóras pinsin an Aontais amach anseo a choinneáil ar bun. Ba cheart aon togra a bheidh ann amach anseo a phleanáil ar bhealach cothrom.

PUBLIC